Rialacha Ginearálta na Féile

1. Is é an Coiste Idirnáisiúnta a dhéanann cinneadh maidir le hionad don Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.

2. Is é cuspóir na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach ná teangacha, cultúr, ceol, amhránaíocht agus spórt Ceilteach a chur chun cinn agus a neartú, agus turasóireacht, trádáil, tráchtáil agus malartú eolais idir-Cheilteach a spreagadh.

3. Beidh na sé náisiún Cheilteacha i gceist in imeachtaí na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach: ALBA, BREIZH, CYMRU, ÉIRE, KERNOW, MANNIN.

4. Ní ghlactar le hiontrálacha d'aon chomórtas na ócáid ach tríd an gCoiste Náisiúnta i dtír an iomaitheora féin.

5. Is gá go mbeadh na hiontrálacha go léir faighte ag Oifig na Féile faoi 1 Márta.

6. Is gá na hiontrálacha go léir a chur isteach ar fhoirmeacha iontrála oifigiúla, leis an táille chuí iontrála.

7. Tá gach ceart taifeadta agus craolacháin ar forchoimeád ag an gCoiste Idirnáisiúnta. Sannann taibheoirí a bhíonn páirteach san Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach tairbhí cearta atáirgthe, craolacháin, agus táirgeadh dlúthdhioscaí de chuid na féile don Fhéile Pan Cheilteach go huathoibríoch, mar chomaoin i leith rannpháirtíochta san fhéile.
Ní chuireann na cearta seo atá ar forchoimeád ag an Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach cosc ar chumadóirí nó ar thaibheoirí a n-ábhar a chraoladh nó a thaifeadadh taobh amuigh den Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach.

8. Sna comórtais amhránaíochta go léir, ní mór do na hiomaitheoirí canadh i dteanga Cheilteach a dtír dhúchais.

9. Tá breith na moltóirí i ngach imeacht críochnaitheach.

10. Ní mór do rannpháirtithe bheith ar fáil le páirt a ghlacadh in oícheanta chlub na féile, más gá.

11. Má chinneann duine bheith páirteach san fhéile, léiríonn sé sin go nglacann sé/sí leis na rialacha.